

Téacs comhdhlúite an tsamhail-chomhaontaithe maidir le Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú a bhunú, tar éis fhormheas an Rúin ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Foscríbhinn I athbhreithnithe ⁽¹⁾

(2022/C 44/02)

SAMHAIL-CHOMHAONTÚ MAIDIR LE FOIREANN CHOMHPHÁIRTEACH UM IMSCRÚDÚ A BHUNÚ

I gcomhréir le:

[Léirigh anseo na bunúis dlí is infheidhme, a fhéadfar a thógáil as na hionstraimí a liostaítear thíos - ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin:

- Airteagal 13 de Convention on Mutual Assistance in Criminal Matters between the Member States of the European Union [Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh] ⁽²⁾;
- Cinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú ⁽³⁾;
- Airteagal 1 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua an 29 Nollaig 2003 maidir le forálacha áirithe de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 a chur i bhfeidhm maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Prótacal 2001 a ghabhann leis ⁽⁴⁾;
- Airteagal 5 de Agreement on Mutual Legal Assistance between the European Union and the United States of America [Comhaontú maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá] ⁽⁵⁾;
- Airteagal 20 den dara prótacal breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla an 20 Aibreán 1959 ⁽⁶⁾;
- Airteagal 9(1)(c) de United Nations Convention against Illicit Traffic in Narcotic Drugs and Psychotropic Substances [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha] (1988) ⁽⁷⁾;
- Airteagal 19 de United Nations Convention against Transnational Organized Crime [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta] (2000) ⁽⁸⁾;
- Airteagal 49 de United Nations Convention against Corruption [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe] (2003) ⁽⁹⁾;
- Airteagal 27 de Police Cooperation Convention for South East Europe [an Coinbhinsiún maidir le Comhar Póilíneachta in Oirdheisceart na hEorpa] (2006) ⁽¹⁰⁾.]

1. Páirtithe sa Chomhaontú

Tá comhaontú tugtha i gcrích ag na páirtithe seo a leanas maidir le foireann chomhpháirteach um imscrúdú a bhunú, dá ngairfear “JIT” anseo feasta:

1. [Cuir isteach ainm chéad ghníomhaireachta inniúla/riaracháin an Stáit is páirtí sa chomhaontú]

Agus

2. [Cuir isteach ainm dara ghníomhaireachta inniúla/riaracháin an Stáit is páirtí sa chomhaontú]

Féadfaidh na páirtithe sa chomhaontú seo a chinneadh, de chomhthoilíú, iarraidh ar ghníomhaireachtaí nó ar riaracháin Stáit eile a bheith ina bpáirtithe sa chomhaontú seo.

⁽¹⁾ IO C 44, 28.1.2022, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 197, 12.7.2000, lch. 3.

⁽³⁾ IO L 162, 20.6.2002, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 26, 29.1.2004, lch. 3.

⁽⁵⁾ IO L 181, 19.7.2003, lch. 34.

⁽⁶⁾ CET Uimh. 182.

⁽⁷⁾ United Nations, Treaty Series, vol. 1582, p. 95. [Na Náisiún Aontaithe, Sraith na gConarthaí, imleabhar 1582, lch 95].

⁽⁸⁾ United Nations, Treaty Series, vol. 2225, p. 209 Doc. A/RES/55/25. [Na Náisiún Aontaithe, Sraith na gConarthaí, imleabhar 2225, lch. 209 Doic. A/RES/55/25].

⁽⁹⁾ United Nations, Treaty Series, vol. 2349, p. 41 [Na Náisiún Aontaithe, Sraith na gConarthaí, imleabhar 1582, lch 41]; Doic. A/58/422.

⁽¹⁰⁾ Registration with the Secretariat of the United Nations: Albania, 3 June 2009, No 46240. [Clárúchán le hArdrúnaíocht na Náisiún Aontaithe: an Albáin, an 3 Meitheamh 2009, Uimh. 46240].

2. Cuspóir JIT

Cuimseofar sa chomhaontú seo bunú JIT chun na críche seo a leanas:

[Tabhair cur síos le do thoil ar chuspóir sonracha JIT.

Ba cheart a áireamh sa chur síos sin imthosca na coire (na gcoireanna) atá á himscrúdú/á n-imscrúdú sna Stáit lena mbaineann (dáta, áit agus cineál) agus, i gcás inarb infheidhme, tagairt do na nósanna imeachta leanúnacha intíre. Déanfar a laghad tagairtí is féidir do shonraí pearsanta a bhaineann le cás.

Ina theannta sin, ba cheart cur síos gairid a dhéanamh sa roinn seo ar chuspóirí JIT (lena n-áirítear, bailiú fianaise, gabháil chomhordaithe daoine atá faoi amhras, calcadh sócmhainní ...). Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na páirtithe machnamh a dhéanamh ar thionscnamh agus tabhairt chun críche imscrúdaithe airgeadais a áireamh mar cheann de chuspóirí JIT ⁽¹¹⁾.]

3. An tréimhse a chumhdaítear leis an gcomhaontú seo

Aontaíonn na páirtithe go n-oibreoidh JIT ar feadh [sonraigh ré shonrach], dar tús teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe seo.

Tiocfaidh an comhaontú seo i bhfeidhm nuair a bheidh sé sínithe ag an bpáirtí deireanach i JIT. Féadfar an tréimhse sin a fhadú le comhthoil.

4. Na stáit ina mbeidh FCI i bhfeidhm

Feidhmeoidh FCI i Stáit na bpáirtithe sa chomhaontú seo.

Cuirfidh an fhoireann a cuid oibríochtaí i gcrích i gcomhréir le dlí na Stát ina bhfeidhmeoidh sí aon tráth áirithe.

5. Ceannaire/Ceannairí JIT

Beidh ceannairí na foirne ina n-ionadaithe ar na húdaráis inniúla a bheidh rannpháirteach in imscrúduithe coiriúla ó na Stáit ina bhfeidhmeoidh an fhoireann ag aon tráth ar leith, a gcuirfidh comhaltaí JIT a gcúraimí i gcrích faoina gceannaireacht.

Tá na daoine seo a leanas ainmnithe ag na páirtithe chun gníomhú mar cheannairí JIT:

Ainm	Post/Grád	Údarás/Gníomhaireacht	An Stát

Mura mbeidh duine den bheirt thuasluaite in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh, ainmneofar ionadaí gan mhoill. Cuirfear fógra i scríbhinn maidir leis an ionadaí sin ar fáil do na páirtithe uile lena mbaineann agus cuirfear i gceangal leis an gcomhaontú seo é.

6. Comhaltaí JIT

I dteannta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe 5, cuirfidh na páirtithe liosta comhaltaí JIT ar fáil in iarscríbhinn ar leith a ghabhann leis an gcomhaontú seo ⁽¹²⁾.

Mura mbeidh duine de chomhaltaí JIT in ann chuid dhualgas a chomhlíonadh, ainmneofar ionadaí gan mhoill trí fhógra i scríbhinn a sheolfaidh ceannaire inniúil JIT.

7. Rannpháirtithe i JIT

Aontaíonn na Páirtithe i JIT ról a thabhairt do [Cuir isteach anseo, e.g., Eurojust, Europol, OLAF...] mar rannpháirtithe i JIT. Déileálfar le socruithe sonracha a bhaineann le rannpháirtíocht [Cuir isteach an t-ainm], san Fhoscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an gcomhaontú seo.

⁽¹¹⁾ Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na páirtithe tagairt a dhéanamh do na Conclúidí ón gComhairle agus don Phlean Gníomhaíochta maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le himscrúdú airgeadais (Doiciméad 10125/16 + COR1 ón gComhairle)

⁽¹²⁾ Nuair is gá, féadfaidh saineolaithe náisiúnta aisghabhála sócmhainní a bheith ar JIT.

8. Bailiú faisnéise agus fianaise

Féadfaidh ceannairí JIT teacht ar chomhaontú maidir le nósanna imeachta sonracha a bheidh le leanúint maidir le bailiú faisnéise agus fianaise ag JIT sna Stáit ina bhfeidhmeoidh sé.

Cuireann na páirtithe de chúram ar cheannairí JIT comhairle a thabhairt maidir le fianaise a fháil.

9. Rochtain ar fhaisnéis agus ar fhianaise

Sonróidh ceannairí JIT na próisis agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint maidir le faisnéis agus fianaise a chomhroinnt eatarthu a fhaightear de bhun JIT i ngach Ballstát.

[Ina theannta sin, féadfaidh na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le clásal ina mbeidh rialacha níos sonraí maidir le rochtain, láimhseáil agus úsáid faisnéise agus fianaise. D'fhéadfadh go measfaí gurb iomchuí clásal den sórt sin go háirithe ó nach ar Choinbhinsiún an Aontais ná ar an gCinneadh Réime (ina bhfuil forálacha sonracha cheana féin i ndáil leis sin – féach Airteagal 13(10) den Choinbhinsiún) atá JIT bunaithe.]

10. Malartú faisnéise agus fianaise a fuarthas roimh JIT

Féadfar faisnéis nó fianaise atá ar fáil cheana féin tráth theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe seo, agus a bhaineann leis an imscrúdú a bhfuil cur síos air sa chomhaontú seo, a roinnt idir na páirtithe faoi chuimsiú an chomhaontaithe seo.

11. Faisnéis agus fianaise a fhaightear ó Stáit nach bhfuil rannpháirteach in i JIT

Má bhíonn gá le hiarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a chur chuig Stát nach bhfuil rannpháirteach i JIT, déanfaidh an Stát iarrthach breithniú ar chomhaontú an Stáit iarrtha a lorg chun an fhaisnéis nó an fhianaise a fuarthas mar thoradh ar fhorghníomhú na hiarrata a roinnt le páirtí/páirtithe JIT eile.

12. Socruithe sonracha a bhaineann le comhaltaí ar iasacht

[Nuair a mheastar gurb iomchuí sin, féadfaidh páirtithe, faoin gclásal seo, teacht ar chomhaontú faoi na dálaí sonracha faoina bhféadfaidh comhaltaí a bheidh ar iasacht:

- imscrúduithe a dhéanamh – lena n-áirítear bearta comhéigneacha go háirithe – sa Stát feidhmíochta (má mheastar é a bheith iomchuí, féadfar reachtaíocht intíre a lua anseo nó, de rogha air sin, a cheangal leis an gcomhaontú seo)
- a iarraidh go ndéanfaí bearta i Stát na hiasachta
- faisnéis arna bailiú ag an bhfoireann a roinnt
- airm a iompar/a úsáid]

13. Leasuithe ar an gcomhaontú

Féadfar an comhaontú seo a leasú le comhthoil na bpáirtithe. Mura sonraítear a mhálairt sa chomhaontú seo, féadfar leasuithe a dhéanamh in aon fhoirm i scríbhinn arna comhaontú ag na páirtithe ⁽¹³⁾.

14. Comhairliúchán agus comhordú

Áiritheoidh na páirtithe go rachaidh siad i gcomhairle le chéile nuair is gá chun gníomhaíochtaí na foirne a chomhordú, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibhsan amháin:

- an t-athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta agus ar fheidhmíocht na foirne
- uainiú agus modh idirghabhála na n-imscrúdaitheoirí
- an bealach is fearr chun tabhairt faoi imeachtaí dlíthiúla a bheidh ann amach anseo, ionad cúí trialach a bhreithniú, agus coigistiú.

15. Cumarsáid leis na meáin

Má bheartaítear a leithéid, comhaontóidh na páirtithe uainiú agus ábhar na cumarsáide leis na meáin agus cloifidh na rannpháirtithe leis sin.

⁽¹³⁾ Tá samplaí den fhoclaíocht i bhFoscríbhinní 2 agus 3.

16. Meastóireacht

Féadfaidh na páirtithe cuimhneamh ar mheastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht JIT, ar an dea-chleachtas a úsáideadh agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh. Féadfar cruinniú tiomnaithe a eagrú chun an mheastóireacht a dhéanamh.

[Sa chomhthéacs sin, féadfaidh páirtithe tagairt a dhéanamh do fhoirm mheastóireachta shonrach JIT arna forbairt ag Líonra saineolaithe JIT an Aontais. Féadfar maoiniú ón Aontas a lorg chun tacú leis an gcruinniú meastóireachta.]

17. Socruithe sonracha

[Cuir isteach, le do thoil, más infheidhme. Tá na fochaibidlí seo a leanas ceaptha chun aird a tharraingt ar réimsí a bhféadfar cur síos sonracha a dhéanamh orthu.]

17.1. Rialacha nocht

[D'fhéadfadh gur mhian le páirtithe soiléiriú a dhéanamh anseo ar na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le cumarsáid leis an gcosaint agus/nó cóip nó achoimre díobh a chur i gceangal.]

17.2. Bainistiú sócmhainní/socruithe aisghabhála sócmhainní**17.3. Dlíteanas**

[D'fhéadfadh gur mhian le páirtithe an ghné seo a rialáil, go háirithe ó nach ar Choinbhinsiún an Aontais ná ar an gCinneadh Réime (ina bhfuil forálacha sonracha cheana féin i ndáil leis sin – féach Airteagail 15 agus 16 den Choinbhinsiún) atá JIT bunaithe.]

18. Socruithe eagraíochtúla

[Cuir isteach, le do thoil, más infheidhme. Tá na fochaibidlí seo a leanas ceaptha chun aird a tharraingt ar réimsí a bhféadfar cur síos sonracha a dhéanamh orthu.]

18.1. Saoráidí (cóiríocht oifige, feithiclí, trealamh teicniúil eile)**18.2. Costais/caiteachais/árachas****18.3. Tacaíocht airgeadais do JITanna**

[Faoin gclásal seo, féadfaidh Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le socruithe sonracha a bhaineann le ról agus freagrachtaí laistigh den fhoireann i ndáil le hiarratais ar chistiú ón Aontas a chur isteach.]

18.4. Teanga na cumarsáide

Arna dhéanamh i/sa [áit an tsínithe], [dáta]

[Sínithe na bpáirtithe uile]

Foscábhinn I

**A GHABHANN LEIS AN SAMHAIL-CHOMHAONTÚ CHUN FOIREANN CHOMHPHÁIRTEACH
UM IMSCRÚDÚ A BHUNÚ****Rannpháirtithe i JIT****I. Socrú le Eurojust/Europol/an Coimisiún (OLAF):****Rannpháirtíocht Eurojust i JIT**

Beidh na daoine seo a leanas rannpháirteach i JIT:

Ainm	Post

De réir phointe [cuir isteach an pointe ábhartha] de Chomhaontú JIT, tá [cuir isteach ainm an Bhallstáit] tar éis cinneadh go mbeidh a Chomhalta Náisiúnta de Eurojust (Leas/Cúntóir do Bhall Náisiúnta Eurojust*) rannpháirteach san fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú.

Tacóidh Eurojust le gníomhaíochtaí JIT trína shaineolas agus a shaoráidí a chur ar fáil chun na himscrúduithe agus na hionchúisimh a chomhordú i gcomhréir leis an gcreat dlí is infheidhme.

Chinn [cuir isteach ainm an tríú tír] go mbeidh a Ionchúisitheoir Idirchaidrimh arna phostú ag Eurojust rannpháirteach san fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú mar ionadaí foirmiúil [cuir isteach ainm an tríú tír] i gcomhréir le comhaontú comhair a síníodh idir Eurojust agus [cuir isteach ainm an tríú tír].

Mura mbeidh duine den bheirt thuasluaite in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh, ainmneofar ionadaí. Cuirfear fógra i scríbhinn maidir leis an ionadaí ar fáil do na páirtithe uile lena mbaineann, agus cuirfear i gceangal leis an gcomhaontú seo é.

Dáta/síniú* (* más infheidhme)

Rannpháirtíocht Europol i JIT

Rannpháirtithe i JIT (moltar cóid ISO):

Dáta sínithe JIT ag na páirtithe:

Tagairtí (roghnach):

1. Rannpháirtithe Europol i JIT

Beidh na daoine seo a leanas (a shaináithnítear le huimhir foirne) rannphárteach i JIT:

Uimhir Foirne Europol	Post	Foireann/ Aonad

Mura mbeidh aon duine de na daoine thuasluaite in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh, ainmneofar ionadaí. Cuirfear fógra i scríbhinn maidir leis an ionadaí ar fáil do na páirtithe uile lena mbaineann, agus cuirfear i gceangal leis an gcomhaontú seo é.

2. Coinníollacha rannpháirtíochta d'fhoireann Europol

- 2.1. Cuideoidh baill foirne Europol atá rannphárteach san fhoireann chomhphárteach um imscrúdú le gach ball den fhoireann agus soláthróidh siad raon iomlán sheirbhísí tacaíochta Europol don imscrúdú comhphárteach dá bhforáiltear agus i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Europol. Ní chuirfidh siad aon bhearta comhéigneacha i bhfeidhm. Féadfaidh baill foirne rannphárteacha Europol a bheith i láthair le linn gníomhaíochtaí oibríochtúla na foirne comhpháirtí, áfach, má iarrtar orthu agus faoi threoir cheannaire/ cheannairí na foirne sin, chun comhairle agus cúnamh ar an láthair a thabhairt do bhaill na foirne a dhéanann bearta comhéigneacha, ar choinníoll nach bhfuil aon srianta dlíthiúla ann ar an leibhéal náisiúnta ina n-oibríonn an fhoireann.
- 2.2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 11(a) den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir le baill foirne Europol le linn dóibh a bheith rannphárteach i JIT¹. Le linn oibríochtaí JIT, beidh foireann Europol, i dtaca le cionta arna ndéanamh ina gcoinne nó a dhéanann siad féin, faoi réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil na hoibríochtaí ar siúl, arb é an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le daoine a bhfuil feidhmeanna inchomparáide acu.
- 2.3. Féadfaidh baill foirne Europol idirchaidreamh a dhéanamh go díreach le comhaltaí JIT agus gach faisnéis riachtanach a chur ar fáil do bhaill uile JIT i gcomhréir le Rialachán Europol

Dáta/síniú

¹ Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh (leagan comhdhlúite) (IO C 202, 7.6.2016, lch. 266).

Rannpháirtíocht OLAF i JIT

arna chomhaontú idir údaráis inniúla bhreithiúnacha [na Ballstáit] an [dáta]

Beidh ról ag OLAF¹ ó thaobh cúnamh, saineolais agus comhordúcháin de (má chomhaontaítear sin) i JIT. Déanfar an rannpháirtíocht sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa socrú seo agus amhail dá bhforáiltear sna hionstraimí Aontais is infheidhme.

Na rannpháirtithe

Beidh na daoine seo a leanas ó OLAF rannphárteach i JIT:

Ainm	Feidhm

Tabharfaidh OLAF fógra i scríbhinn do pháirtithe eile i JIT má chuirtear aon ainm leis an liosta thuas nó má bhaintear aon ainm de.

Socruithe sonracha a bhaineann le rannpháirtíocht OLAF

1. Prionsabail na rannpháirtíochta

- 1.1. Cuideoidh baill foirne OLAF atá rannphárteach i JIT le fianaise a bhailiú agus cuirfidh siad saineolas ar fáil do bhaill na foirne i gcomhréir le reachtaíocht OLAF agus i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina n-oibríonn an fhoireann.
- 1.2. Oibreoidh baill foirne OLAF atá rannphárteach i JIT faoi threoir cheannaire/cheannairí na foirne mar a shaináithnítear i bpointe [cuir isteach an pointe ábhartha] den chomhaontú, “Ceannairí JIT”, agus soláthróidh siad aon chúnamh agus aon saineolas is gá chun spriocanna agus cuspóir JIT a bhaint amach, arna saináithint ag ceannaire/ceannairí na foirne.
- 1.3. Tá sé de cheart ag baill foirne OLAF gan cúraimí a dhéanamh a mheasann siad a bheith ag sárú a n-obleagáidí faoi reachtaíocht OLAF. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh baill foirne OLAF Ard-Stiúrthóir OLAF nó ionadaí de chuid OLAF ar an eolas ina thaobh. Rachaidh OLAF i gcomhairle le ceannaire/ceannairí na foirne d’fhonn teacht ar réiteach a shásóidh an dá thaobh.
- 1.4. Ní dhéanfaidh baill foirne OLAF atá rannphárteach i JIT aon bhearta comhéigheacha. Féadfaidh baill foirne rannphárteacha OLAF a bheith i láthair le linn gníomhaíochtaí oibríochtúla JIT, áfach, faoi threoir cheannaire/cheannairí na foirne sin, chun comhairle agus cúnamh ar an láthair a thabhairt do bhaill na foirne a dhéanann bearta comhéigheacha, ar choinníoll nach bhfuil aon srianta dlíthiúla ann ar an leibhéal náisiúnta ina n-oibríonn an fhoireann.

2. Cineál an chúnamh

- 2.1. Soláthróidh baill foirne rannphárteacha OLAF an raon iomlán seirbhísí cúnamh OLAF, i gcomhréir le reachtaíocht OLAF, a mhéid is gá nó a iarrtar. Áirítear leis sin cúnamh agus saineolas oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil do na himscrúduithe coiriúla, agus faisnéis a sholáthar agus a fhíorú, lena n-áirítear sonraí fóirínseacha agus tuarascálacha anailíseacha.

- 2.2. Féadfaidh baill foirne OLAF atá rannpháirteach i JIT cabhrú le gach gníomhaíocht, go háirithe trí thacaíocht riaracháin, dhoiciméadach agus lóistíochta, tacaíocht straitéiseach, theicniúil agus fhóiréinseach, agus saineolas agus comhairle oirbheartaíochta agus oibríochtúil a chur ar fáil do bhaill JIT, de réir mar a éilíonn ceannaire/ceannairí na foirne.
3. *Rochtain ar chórais phróiseála faisnéise OLAF*
- 3.1. Féadfaidh baill foirne OLAF idirchaidreamh díreach a dhéanamh le baill de JIT agus faisnéis ó chomhaid ábhartha i gcóras bainistithe cásanna OLAF a chur ar fáil do bhaill JIT agus do bhaill atá ar iasacht le JIT, i gcomhréir le reachtaíocht OLAF. Ní mór na coinníollacha agus na srianta ar úsáid na faisnéise sin a urramú.
- 3.2. Féadfar faisnéis a fhaigheann baill foirne OLAF, agus iad mar chuid de JIT, a chur san áireamh i gcomhaid ábhartha chóras bainistithe cásanna OLAF le toiliú agus faoi fhreagracht an Bhallstáit a sholáthair an fhaisnéis.
4. *Costais agus trealamh*
- 4.1. Beidh an Ballstát ina bhfuil bearta imscrúdaitheacha á ndéanamh freagrach as an trealamh teicniúil (trealamh oifige, cóiríocht, teileachumarsáid, etc.) is gá chun na cúraimí a chomhlíonadh a chur ar fáil agus íocfaidh sé na costais arna dtabhú. Cuirfidh an Ballstát sin trealamh cumarsáide oifige agus trealamh teicniúil eile is gá ar fáil freisin chun sonraí (criptithe) a mhalartú. Íocfaidh an Ballstát sin na costais.
- 4.2. Cumhdóidh OLAF na costais a thabhaítear mar thoradh ar rannpháirtíocht fhoireann OLAF i JIT.

Dáta/síniú

¹ Mar a bunaíodh le Cinneadh 1999/352/CE CEGC, Euratom ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), arna leasú go deireanach le Cinneadh (AE) 2015/512 ón gCoimisiún an 25 Márta 2015, agus mar a sainordáíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (dá dtagraítear anseo mar “reachtaíocht OLAF”).

II. Socrú le comhlachtaí atá inniúil de bhua forálacha arna nglacadh faoi chuimsiú na gConarthaí, agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile:

1. Beidh na daoine seo a leanas rannpháirteach i JIT:

Ainm	Post/Grád	Eagraíocht

Mura mbeidh duine den bheirt thuasluaite in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh, ainmneofar ionadaí. Cuirfear fógra i scríbhinn maidir leis an ionadaí sin ar fáil do na páirtithe uile lena mbaineann, agus cuirfear i gceangal leis an gcomhaontú seo é.

2. Socruithe sonracha:

2.1. *An chéad rannpháirtí sa chomhaontú*

- 2.1.1. Cuspóir na rannpháirtíochta
- 2.1.2. Cearta a tugadh (más ann dóibh)
- 2.1.3. Forálacha a bhaineann le costais
- 2.1.4. Cuspóir agus raon feidhme na rannpháirtíochta

*Foscúibhinn II***A GHABHANN LEIS AN SAMHAIL-CHOMHAONTÚ CHUN FOIREANN CHOMHPHÁIRTEACH
UM IMSCRÚDÚ A BHUNÚ****Comhaontú chun síneadh a chur le foireann chomhpháirteach um imscrúdú**

Tá sé comhaontaithe ag na páirtithe síneadh a chur leis an bhfoireann chomhpháirteach um imscrúdú (dá ngairfear "JIT" anseo feasta) a bunaíodh le comhaontú an [cuir isteach dáta], arna déanamh i [cuir isteach áit an tsínithe], agus a bhfuil cóip de i gceangal leis seo.

Measann na páirtithe gur cheart síneadh a chur le JIT thar an ré dá bunaíodh é [cuir isteach an dáta ar a gcríochnaíonn an tréimhse], ós rud é nach bhfuil a chuspóir mar atá bunaithe in Airteagal [cuir isteach an t-alt faoi chuspóir JIT anseo] bainte amach go fóill.

Rinne na páirtithe uile scrúdú cúramach ar na cúinsí a éilíonn go gcuirfear síneadh le JIT. Meastar go bhfuil síneadh JIT riachtanach chun an cuspóir dár cuireadh JIT ar bun a bhaint amach.

Dá bhrí sin, fanfaidh JIT i bhfeidhm go ceann tréimhse breise [sonraigh fad sonrach] ó dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe seo. Féadfaidh na páirtithe síneadh breise a chur leis an tréimhse thuas de chomhthoil.

Dáta/síniú

*Foscábhinn III***A GHABHANN LEIS AN SAMHAIL-CHOMHAONTÚ CHUN FOIREANN CHOMHPHÁIRTEACH
UM IMSCRÚDÚ A BHUNÚ**

Tá sé comhaontaithe ag na páirtithe leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú i scríbhinn lena mbunaítear foireann chomhpháirteach um imscrúdú (dá ngairfear "JIT" anseo feasta) an [*cuir isteach an dáta*], arna dhéanamh in [*cuir isteach an áit*], agus a bhfuil cóip de i gceangal leis seo.

Tá aontaithe ag na sínitheoirí go leasófar na hairteagail seo a leanas mar a leanas:

1. (Leasú ...)

2. (Leasú ...)

Rinne na páirtithe uile scrúdú cúramach ar na cúinsí ina bhfuil gá le leasú a dhéanamh ar chomhaontú JIT. Meastar go bhfuil an leasú/na leasuithe ar chomhaontú JIT riachtanach chun an cuspóir dár cuireadh JIT ar bun a bhaint amach.

Dáta/síniú
